SCOIL LÁN-GHAEILGE LE

SAINSPIORAD ILCHREIDMHEACH

CÚRSAÍ TEAGAISC

Ní mhúintear **aon chreideamh ar leith (sainchreidimh)** taobh istigh d'amchlár oifigiúil na scoile mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais & Scileanna.

CROÍ NA SCOILE

Leanfar an clár ***Croí na Scoile*** atá curtha le chéile ag pobal na scoile agus i gcomhair leis an bhForas Pátrúnachta.

TEAGASC SAINCHREIDIMH

Tá freagracht ar na **tuismitheoirí** socraithe a dhéanamh do mhúineadh sainchreidimh dá bpáistí **taobh amuigh d'am oifigiúil na scoile**. Beidh an Bord Bainistíochta agus an scoil solúbtha ag plé le haicmí éagsúla agus freastalóidh an Bord an oiread agus is féidir ar gach dream lasmuigh d'am oifigiúil na scoile.

Trí Ghaeilge amháin a mhúintear na haicmí creidimh lasmuigh d'am scoile.

Ní bheidh dualgas ar an bhfoireann teagaisc an cúram seo a ghlacadh orthu féin.

SPIORAD SAINIÚIL NA SCOILE

Tá **dualgas** ar an mBord Bainistíochta spiorad sainiúil na scoile atá ag teacht leis an sainmhíniú thuasluaite de scoil lán-Ghaeilge ilchreidmheach **a chosaint** agus a bheith freagrach don phátrún as é a chosaint.

AN FORAS PÁTRÚNACHTA